Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Eanáir 2017
(OR. en)

5281/17
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0404 (COD)**

COMPET 22
MI 32
ETS 3
DIGIT 6
SOC 16
EMPL 12
CONSOM 11
CODEC 36
IA 7

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2016) 462 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tástáil chomhréireachta a dhéanamh sula nglacfar rialáil nua gairmeacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 462 final.

---

Faoi iamh: SWD(2016) 462 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.1.2017
SWD(2016) 462 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le tástáil chomhréireachta a dhéanamh sula nglacfar rialáil nua gairmeacha**

{COM(2016) 822 final}
{SWD(2016) 463 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
| --- |
| Measúnú tionchair ar Thogra chun tástáil chomhréireachta a thabhairt isteach le haghaidh rialáil gairmeacha |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Tá thart ar 5600 gairm rialáilte san Aontas Eorpach agus bíonn tionchar díreach acu ar sciar mór de lucht saothair na hEorpa. Tá an rialáil dhíréireach mar a bheadh bacainn mhór ann ar an margadh aonair do sheirbhísí agus bíonn drochéifeachtaí eacnamaíocha forleithne aici freisin. Is minic a dhéantar cinntí rialála gan aon anailís chuimsitheach a dhéanamh ná aon nósanna imeachta trédhearcacha a bheith i bhfeidhm. Cé go gceanglaítear leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht a rialálaithe féin, ní leagtar síos léi sraith choiteann critéar d'fhonn an measúnú sin a dhéanamh nó chun cosc a chur le glacadh beart díréireach. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é cuspóir an tionscnaimh na critéir íosta a shoiléiriú trí chreat trédhearcach intuartha a cheapadh a úsáidfidh na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht sula nglacfaidh siad rialálaithe nua. Is é aidhm an tionscnaimh cosc a chur le bearta díréireacha trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• seiceálacha comhréireachta a dhéanamh níos oibiachtúla, níos cuimsithí agus níos inchomparáide;<br>• a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta uile na rialacha i bhfeidhm ar an mbealach céanna;<br>• fianaise láidir agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a éileamh don phróiseas déanta beartas;<br>• nuálaíocht a spreagadh agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil rialacha cothrom le dáta trí dhul i mbun athbhreithnithe tréimhsiúla; an anailís a chur ar fáil go poiblí agus, sa tslí sin, athbhreithniú piaraí a chumasú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Imríonn an grinnscrúdú neamh-chomhsheasmhach a dhéantar faoi láthair ar rialáil gairmeacha tionchar diúltach ar an margadh aonair, ar sholáthar seirbhísí agus ar shoghluaisteacht gairmithe. Ní leor beart ar leibhéal na mBallstát amháin chun creat comhleanúnach dlíthiúil a áirithiú don Aontas ná ní leor sin chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí atá roimh na húdaráis náisiúnta. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí cuspóirí an bhirt a ghnóthú ar bhealach ní ba rathúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh de bhua a scála agus a éifeachtaí trí shásra coiteann inchomparáide measúnaithe a thabhairt isteach don Aontas Eorpach ar fad. I bhfianaise athruithe a dhéantar go minic ar rialáil gairmithe, gan beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, tá baol ann go méadófar an bhearna idir na Ballstáit sin a chuireann dea-chleachtais rialála i bhfeidhm cheana féin agus na Ballstáit sin nach gcuirean, rud a mhéadóidh an éagsúlacht atá ann maidir le cáilíocht na rialála arís eile. Ar deireadh thiar, beidh éifeacht dhiúltach aige sin ar rochtain ar ghairm; rud a mbeadh drochiarmhairtí aige air shoghluaisteacht agus feidhmíocht eacnamaíoch. |

| **B. Réitigh** |
| --- |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Tá 3 rogha bheartais á mbreithniú, mar atá: 1) Treoirlínte agus malartú faisnéise cuimsitheach a chur chun cinn idir na húdaráis d'fhonn cuidiú leis na Ballstáit tástálacha comhréireachta a dhéanamh, ach ní bheadh ach tionchar an-bheag aige sin, áfach. D'fhéadfaí roinnt roghanna éagsúla a chuimsiú trí thástáil chomhréireachta ar fud an Aontais a bhunú do ghairmeacha rialáilte. D'fhéadfaí na critéir íosta a leagan síos sa tástáil chun seiceálacha comhréireachta a dhéanamh, bunaithe ar an gcásdlí agus |

mar chomhlánú ar an gcásdlí, agus d'fhéadfaí trédhearcacht a chur i bhfeidhm maidir leis na measúnuithe ó na Ballstáit trí bhíthin ionstraim cheangailteach (rogha 2a) nó trí Mholadh (rogha 2b). Ina theannta sin, d'fhéadfaí gnéithe nóis imeachta, amhail comhairliúcháin phoiblí agus athbhreithnithe tréimhsiúla, a chur ar áireamh sa tástáil freisin chun a áirithiú go ndéanfar seiceálacha comhréireachta ar bhealach oibiachtúil neamhspleách agus chun a áirithiú go ndéanfar measúnuithe cuimsitheacha i ngach earnáil gníomhaíochtaí (tá dhá fhorogha ann ina leith sin (rogha 3a – Treoir de chuid an Aontais, agus rogha 3b – Moladh)). Cé nach roghanna comheisiatacha iad sin, is é Rogha 3a an rogha thosaíochta toisc go dtabharfadh sí aghaidh ar na fadhbanna ar gach leibhéal rialála (éifeacht *ex-ante*) ar an mbealach ba leordhóthanaí agus toisc go nginfeadh sí na tairbhí ba mhó.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara ar aon tuairim gur cheart tabhairt faoi bheart ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun soiléire agus cur chuige coiteann a thabhairt isteach maidir le tástálacha comhréireachta. Bhí cuid mhór díobh i bhfách an tástáil chomhréireachta a bheith éigeantach.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Maidir leis na tairbhí a bhainfeadh gairmithe, tomhaltóirí agus údaráis riaracháin phoiblí as an rogha thosaíochta, baineann siad le rialáil ní b'fhearr a áirithiú trí chosc a chur le glacadh rialacha díréireacha. Le Treoir ón Aontas Eorpaigh, ráthófaí go gcuirfeadh na Ballstáit an tástáil chun feidhme ar aon bhealach amháin d'fhonn ilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint. Éilíonn an rogha cheangailteach anailís oibiachtúil roimh ré, soiléire agus comhroinnt faisnéise chun tástálacha cuimsitheacha iontaofa a chur chun cinn lena dtugtar fianaise ar a láidre atá cinntí deiridh. Dá nglacfaí an rogha thosaíochta, mhéadófaí muinín, nuálaíocht agus forbairtí teicneolaíochta trí athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar rialáil náisiúnta gairmeacha.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Na costais a bhaineann leis na measúnuithe comhréireachta, tagann siad, tríd is tríd, as na hoibleagáidí reatha atá ann mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Cáilíochtaí agus sa chásdlí. Dá bhrí sin, ní ionann iad agus costais riaracháin nua bhreise. D'fhéadfaí costais agus ualach oibre na n-údarás poiblí a mhéadú, áfach, mar gheall ar an raon feidhme leathnaithe a bheadh i gceist, lena n-áireofaí gnéithe nóis imeachta amhail comhairliúcháin phoiblí. Ar an taobh eile, bheadh tionchar dearfach ag an rogha thosaíochta ar an margadh aonair do sheirbhísí gairmiúla agus chabhródh sí le cosc a chur le bacainní díréireacha rialála i ngach earnáil gníomhaíochtaí ar bhealach comhsheasmhach. Táthar ag súil go gcuirfidh sí comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch chun cinn, go háirithe i measc oibrithe oilte óga.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Ní leagann an rogha thosaíochta aon oibleagáidí ar ghairmithe ná ar an lucht gnó. Mar a tharlaíonn, ba cheart go mbainfidís tairbhe as an gcosc le hualaí neamhriachtanacha.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh méadú beag ann ar chostais riaracháin d'údaráis náisiúnta riaracháin agus don Choimisiún. Mar sin féin, meastar go ndéanfar an chuid is mó den tionchar sin a chúiteamh leis an gcostas laghdaithe ar nósanna imeachta a bhaineann le neamhchomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar suntasach eile ann. Urramaítear cearta bunúsacha go hiomlán.

| D. Iarobair |
|---|
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Thabharfadh an Coimisiún tuairisc rialta ar chur chun feidhme na tástála ar leibhéal náisiúnta. Dhéanfaí meastóireacht ar an tástáil laistigh de 5 bliana óna glacadh. |